# Scéal, Scéal, Scéal...

Cois Fharraige
fóram um pleanáil teanga


16 Samhain 2023 || Eagrán 173

*Scéilíní, nuaíocht agus fógraí as Cois Fharraige.*

Tá bhur gcúnamh uainn!

## Comórtas Grianghrafadóireachta Chois Fharraige

**Tá féilire 2024 á réiteach againn agus ba bhreá linn bhur bpictiúir a fheiceáil ann!**




Pictiúir ó áit ar bith idir Na Forbacha - Ros a' Mhíl.
Seol do phictiúr chuig: optchoisfharraige@gmail.com
chomh maith le d'ainm agus do cheantar.

Roghnófar 12 pictiúir le cur sa bhféilire.

**Sprioc dháta: 17 Samhain 2023**

Spriocdháta!



# CEARDLANN AN SPIDÉIL

## Aonach Na Nollag

Blaiseadh Fíona Lascainí Siamsaíocht do Ghasúir

Scailtín Fíona & Seacláid The Saor in Aisce

Ceol Beo Taispeántais Ceardaíochta

Agus níos mó!

De Sathairn 18ú Samhain ó

10r.n.-2i.n

091 558559.

# AONACH NA NOLLAG

**Tá Aonach na Nollag á reáchtáil ag Ceardlann an Spidéil ar an Satharn 18 Samhain ó 10r.n.-2i.n. Beidh neart le déanamh agus le feiceáil ar an lá - le deiseanna iontacha siopadóireachta san áireamh! Beidh lascainí ar fáil ó na siopaí éasgúla ag an gCeardlann chomh maith le blaisíní áille le triáil! Beidh ceardlanna ceardaíochta ar siúl ar an lá freisin, le d'iarrachtaí féin a dhéanamh bronntanas deas a chruthú do dhuine éigin! Chomh maith le sin, beidh neart ceoil beo le cloisteáil ar an láthair agus gníomhaíochtaí spraíúla le haghaidh na gasúir! Ná bí buartha faoin bhfuacht - beidh seacláid the agus scailtín fíona saor in aisce ar fáil freisin! Le níos mó eolais a fháil, is féidir teagmháil a dhéanamh le 091 558 559**

# COIS FHARRAIGE ABÚ @ GRADAIM GHLÓR NA nGAEL

Bhailigh úinéirí agus foirne gnó na Gaeltachta le chéile le gairid d'ócáid speisialta de chuid Ghlór na nGael. Bronnadh duaiseanna ar 146 gnó atá lonnaithe thar timpeall na Gaeltachta. De réir na scéime, bronntar boinn (cré-umha, airgead nó ór) ar ghnó maidir lena gcomharthaíocht Ghaeilge, a gcuid brandála agus margaíochta Gaeilge agus na seirbhísí a cuirtear ar fáil trí Ghaeilge. Bronnadh trí bhonn ór ar 26 eagraíocht agus ina measc tugadh aitheantas don Spailpín Fánach, de chuid Cheardlann an Spidéil, do TESCO, Siopa an Phobail, Indreabhán agus don Gharraí Glas, Indreabhán. Chomh maith le sin, thóg Rúnda, An Spidéal agus Bláthanna & Bronntanais Charoline, Teach Mór boinn abhaile leo do na seirbhísí iontacha a chuirtear ar fáil dá bpobal. Ba í Mary Kennedy, an láithreoir teilifíse, a bhronn na gradaim agus ba í Sinéad Ní Uallacháin a bhí ina bean an tí ar an ócáid speisialta a bhí ar siúl i bPáirc an Chrócaigh. 'Sé an dara bhliain ar an bhfód do na 'GRADAIM' agus oibríonn foireann Ghlór na nGael leis na hOifigigh Pleanála Teanga leis an scéim a fhorbairt sa bpobal. Comhghairdeachas ó chroí le buaiteoirí s'againne. Treise libh, a chairde!







# FOLÚNTAS AG AN gCÉAD EITILT

Tá An Chéad Eitilt, sna Forbacha, ag iarraidh cur lena bhfoireann. Tá sé riachtanach go bhfuil cáilíocht Leibhéal 5, ar a laghad, i gCúram Leanaí (QQI/FETAC nó a chomhionann), ag iarrthóirí agus tá sé thar a bheith tábhachtach go bhfuil taithí ag iarrthóirí ag obair agus ag plé le páistí faoi chúig bliana d'aois. Chomh maith le sin, tá sé tábhachtach go bhfuil taithí ag iarrthóirí ar a bheith ag obair mar bhall d'fhoireann. Le níos mó eolais a fháil, nó le cur isteach ar phost ag an gCéad Eitilt, is féidir teagmháil a dhéanamh leo ag ffcmfurbo@ @gmail.com nó ar an bhfón ag 091 590 814



**Sonraí Teagmhála**

An Chéad Eitilt (First Flight) Creche and Montessori, Furbo: 091 590814
ffcmfurbo@gmail.com

# MARGADH NA NOLLAG

Tá Comharchumann Sailearna ag eagrú Margadh na Nollag i mbliana i Seanscoil Sailearna. Beidh an margadh ann ar an Domhnach 10 Nollaig. Faoi láthair tá an Comharchumann ag glacadh le hiarratais ó cheardaithe agus trádálaithe ar mhaith leo a bheith páirteach sa mhargadh, áit a bheas deis acu a gcuid earraí a dhíol. Tá foirmeacha iarratais le fáil ach ríomhphost a sheoladh chuig sailerna@gmail.com, é sin nó is féidir glaoch a chur ar cheachtar de na huimhreacha seo a leanas: 091 399199 nó 089 4169602.



# EALAÍONTÓIRÍ CÓNAITHE AG STIÚIDEO CUAN

Ainmníodh Cormac Ó Comhraí, Sarah Griallais, Mary Bergin agus Darach Ó Scolaí mar ealaíontóirí cónaithe ag Stiúideo Cuan le gairid. Tá failte roimh chách ag na hoícheanta airneáin agus seanchais a bhéas ar siúl chuile Mháirt @ 8:30i.n. le seal a chaitheamh leis na healaíontóirí cónaithe le cúrsaí ceoil, scéalaíochta, cultúir, oidhreachta agus traidisiúin a cheiliúradh agus a phlé. Saorchead isteach. Fáilte roimh chách.

Stiúideo Cuan
Ealaíontóirí Cónaithe
Oíche Airneáin & Seanchais




# SÉASÚR NUA @ CUMANN GAILF CHOIS FHARRAIGE

Tá Cumann Gailf Chois Fharraige ag cur tús le séasúr nua. Le linn an shéasúir, imreofar naoi gcómortas ar chursaí gailf éagsúla, idir Contae na Gaillimhe agus Contae Mhaigh Eo, idir seo agus mí Iúil 2024. Reáchtálfar an chéad chomórtas eile ar an gcúrsa i mBaile Chonaola, Dé Sathairn, 25 Samhain. Tá míle fáilte roimh bhaill nua sa gcumann. Le clarú le Cumann Gailf Chois Fharraige, is féidir glaoch gutháin no téacs a chur chuig ceann ar bith de na huimhreacha seo a leanas: 086 8065144 no 087 2525465.

# TALAMH AG TEASTÁIL IN INDREABHÁN

**Tá Comhairle Chontae na Gaillimhe ag lorg léirithe spéise ó úinéirí talún a bhfuil tailte acu a d'fhéadfadh a bheith feiliúnach le forbairt mar reiligí in Indreabhán agus i Leitir Mealláin. Le tuilleadh eolais a fháil ar chritéir oiriúnach agus le teacht ar an bhfoirm léiriú spéise, ní mór cuairt a thabhairt ar: https://www.galway.ie/ga/seirbhisi/timpeallacht/downloads/ le do thoil, nó is féidir teagmháil a dhéanamh leis an oifig thíos le cáipéisí a fháil; An Rannóg Timpeallachta, Áras an Chontae, Cnoc na Radharc Cathair na Gaillimhe H91 H6KX**

# RANGANNA ACLAÍOCHTA

**Chuir Christine Cox tús le sraith nua de ranganna aclaíochta le gairid. Bíonn ranganna 'bootcamp' ar siúl ar an Luan @ 7i.n. sula dtosaíonn ranganna pilates @ 8i.n. i Halla na Tulaigh. Ar an Déardaoin, tá cleachtadh cuarda ar siúl @ 7i.n. roimh ranganna pilates @ 8i.n. i Halla Scoil Éinne. Mairfidh chuile shraith cúig seachtaine. Le níos mó eolais a fháil, is féidir teagmháil a dhéanamh le Christine ag 087 121 0277**

# CLUB LEABHAR CHOIS FHARRAIGE

**Rachaidh Club Leabhar Cois Fharraige ar turas go Baile Locha Riach le castáil le CLEAS - Club Leabhar Bhaile Locha Riach ar an 7 Nollaig ag 7.30, Tigh Morrissey. Beidh Tráth na gCeist liteartha ann chomh maith le plé ar an leabhar *Kíor Thuathail* le Jean Claude Izzo (Leabhar Breac). Ní gá ach teangmháil a dhéanamh le clubleabharcf@gmail.com le clárú don ócáid.**

# CEILIÚRADH OIREACHTAIS AG AN bPOITÍN

Bhí slua breá sa bPoitín Stil ar an Aoine seo caite le ceiliúradh a dhéanamh ar an raidhse duaiseanna ar éirigh le hiomaitheoirí Chois Fharraige a bhuachan ag Oireachtas na Samhna i gCill Airne, le gairid. Bhí an oíche eagraithe ag Ceoltóirí Óga Chois Fharraige, le tacaíocht ó Chumann Forbartha Chois Fharraige agus ó Fhóram Chois Fharraige um Pleanáil Teanga. I láthair ag an ócáid cheiliúrtha bhí Uachtarán an Oireachtais, An Dr. Gearóid Denvir. Thosaigh an ceiliúradh leis na daoine faoi aois agus cuireadh féasta ar fáil idir aithriseoireacht, fonnadóireacht, scéalaíocht, agallaimh beirte agus lúibíní. Sa dara chuid den oíche bhí na daoine fásta ar stáitse, ina measc na fonnadóirí Colm Jimmy Ó Curraoin a chroch leis Corn Uí Riada agus Caitlín Ní Chualáin, a tháinig sa tríú háit sa gcomórtas céanna; Gearóid Ó Droighneáin agus Becky Ní Éallaithe, an bheirt a tháinig sa gcéad is sa dara háit sa gcomórtas damhsa ar an sean-nós; Fionnuala agus Bláthnaid Nic Cába a bhuaigh an comórtas ceol beirte; Bróna Ní Cheallacháin a tháinig sa dara háit i gcomórtas amhránaíochta na mban; Máirín Mhic Lochlainn a tháinig sa dara háit sa scéalaíocht; Seán Ó Gráinne a tháinig sa dara háit i gcomórtas Chorn Cuimhneacháin Amhránaithe Chonamara agus Fearghas Mac Lochlainn a tháinig sa dara háit i gcomórtas na n-amhrán nuachumtha. Bhí beirt eile a fuair athghlaoch sna comórtais, Áine Ní Dhroighneáin agus Traolach Ó Conghaile ann freisin agus níl ansin ach cuid de na daoine a ghlac páirt san oíche. Rinneadh Seit Chonamara i dtreo dheireadh na hoíche, agus Johnny Óg ag soláthar an cheoil. Comhghairdeachas ó chroí lenár mbuaiteoirí agus iomaitheoirí uilig!

# TRÁTH NA gCEIST

Tá tráth na gceist á reáchtáil ag Coiste na dTuismitheoirí ag Scoil Sailearna ar an Déardaoin 7 Nollaig i dTigh Chualáin. Beidh táille de €10 in aghaidh an duine, nó €40 do bhord de cheathrar le íoc le páirt a ghlacadh ann ach beidh duaiseanna iontach le buachan ar an oíche. Is féidir ticéid a cheannach ar an oíche. Cuirfear tús le cúrsaí @ 7i.n.

# LITIR CHUIG SANTAÍ

Tá Tuimsitheoirí na Gaeltachta ag tabhairt cúnaimh do Dhaidí na Nollag arís i mbliana - ar ndóigh, tá sé thar a bheith gnóthach ag an am seo den bhliain! Baileoidh Tuismitheoirí na Gaeltachta litreacha ó ghasúir na Gaeltachta ar fad le chéile le cinntiú go mbaineann siad a gceannscríbe amach - An Pol Thuaidh, le go mbeidh sé in ann iad a fhreagairt. Ní gá ach do litir a sheoladh chuig f/c Tuismitheoirí na Gaeltachta, An Cheathrú Rua, Co na Gaillimhe. Ná déan dearmad ainm agus seoladh an ghasúir a scríobh ar an litir freisin nó beidh mearbhall ar an bhFear Mór! Moltar na litreacha a bheith seolta roimh an gCéadaoin 6 Nollaig.

# SEISIÚN AMHRÁNAÍOCHTA AR AN SEAN-NÓS

Tá an chéad sheisiún amhránaíochta ar an sean-nós eile á reáchtáil ag Fóram Chois Fharraige um Pleanáil Teanga ar an Déardaoin 23 Samhain i dTigh Chualáin @ 7:30i.n. Deis iontach atá ann cúpla amhrán a chasadh i dteannta cairde agus comhluadar cairdiúl. Fáile roimh chách - idir óg 's aosta!